Ceacht

2

CORPOIDEACHAS

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad: Treodóireacht

Cuspóirí Curaclaim:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- tabhairt faoi threodóireacht ó phointe go pointe - cuairt a thabhairt ar na hionaid rialaithe go léir in ord, cárta rialaithe a mharcáil nó buaneolas a bhailiú ag gach ionad acu (m.sh. an mó céim atá ag an doras?)

GAEILGE

Snáithe: Teanga ó Bhéal

Gné: Tuiscint

***Torthaí Foghlama:**

Cé go bhfuil Torthaí Foghlama ar leith sonraithe anseo mar eiseamlair, tá saoirse ag an múinteoir breithiúnas ghairmiúl a dhéanamh chun Torthaí Foghlama cuí a roghnú a oireann don cheacht, do chúinsí na scoile agus a oireann do eispéiris agus cumais na bpáistí.

Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteacha ba cheart go mbeadh páistí in ann :

TF6 -***Léiriú tuisceana***:

tuiscint a léiriú trí threoracha a leanúint agus a thabhairt, tuiscint a léiriú trí scéilíní, míniúcháin agus cur síos a thuiscint.

TF4- ***Struchtúr abairte agus gramadach:***

úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte.

Ionad: Fearann na scoile.

Fearas:

- Léarscail mhéadaithe d'fhearann na scoile
- Staduaireadóir
- Bord agus cathaoireacha
- Rialaitheoirí (le criáin dhaite dhifriúla in éineacht le gach ceann acu)
- Cártaí rialaithe agus pinn dhearga do Rang 6 chun a léarscáileanna féin a mharcáil
- Máistirchárta rialaithe

Tá samplaí de na háiseanna riachtanacha is féidir a chóipeáil ag deireadh an phleain seo.

Tagairtí:

Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)
Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (lch 91)
Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/)
Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (lch 57-59)
Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physlit
Liathróid Spraoi (Clever Mind Toys) www.udar.ie

Teanga don fhoghlaim

****** Eiseamláirí agus sainfhoclóir a bhaineann leis an gceacht**

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta.

Foclóir: léarscáil, máistirléarscáil, eochair, siombail, comhartha, comharthaí talún, ionad rialaithe, an chéad bheirt/an dara beirt, fearann na scoile, ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, ar deireadh, ar dheis, ar chlé, taobh na láimhe deise, taobh na láimhe clé, bunoscionn, ó thuaidh, ó dheas, os comhair, taobh thiar, in aice, gar do, tosach, cúl, taobh deas, taobh clé, triantán, ciorcal, deiseal, tuathal, am críochnaithe, am tosaithe, staduaireadóir, foirgneamh, geata, claí, sceacha, balla, cuaillí, páirc na himeartha, clós na scoile, cosán, crann, claí, ciumhsóg féir,teorainn féir, lochán, fál, sceach, tús, críoch,

*Tá sé tábhachtach an foclóir seo a mhúineadh i gcomhthéacs abairte mar atá léirithe in Teanga an Mhúinteora agus Teanga an Pháiste ar an gcéad leathanach eile..

Teanga an mhúinteora:

Beimid ag dul go dtí an clós/páirc na himeartha/fearann na scoile.
Beidh treodóireacht ó phointe go pointe/trastíre ar siúl againn/agaibh.
Beidh oraibh na rudaí atá léirithe a aimsiú.
Beidh oraibh an tsiombail (rialaitheoir) a aimsiú agus í a chlárú ar an mbileog.
Seasaigí i mbeirteanna/ Beidh an bheirt agaibh le chéile.
Caithfidh sibh na hionaid rialaithe a bhaint amach in ord.
Beidh staduaireadóir agam agus coinneoidh mé cuntas ar an am.
Seasann an comhartha seo do x.
Seo na siombailí/comharthaí a bheidh á lorg againn/agaibh.
Seasann an tsiombail seo do x.
Beidh mé ag comhaireamh síos.
Is sibhse an chéad bheirt, dara beirt, triú, ceathrú, cúigiú, séú & rl beirt.
Beidh an bua ag an mbeirt is tapúla a bheidh na cártaí rialaithe cearta acu.
Fanaigí i mbeirteanna.
Déanaigí bhur bhfreagraí a sheiceáil sula gcríochnaíonn sibh.
Ní haon mhaith brostú abhaile gan na freagraí cearta.
Caithfidh gach duine den bheirt teacht abhaile.
Tá uimhreacha ó 1-12 ar gach léarscáil.
Pé uimhir atá ar an léarscáil sin an chéad uimhir a bheidh agaibh.
Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
An bhfuil léarscáil/bileog ag gach aon duine?
An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?
Taispeánfaidh mé daoibh conas é a dhéanamh.
Tá an leathanach/léarscáil/bileog bunoscionn agat
Treoshuigh an léarscáil.
Ar aghaidh libh.
Tóg/tógaigí do/bhur seal, Glacaigí seal
An bhfuil na siombailí ar eolas agaibh?
Conas atá ag éirí leat/libh?
Cad atá cearr?
Siúlaigí go mall – nóis moille.
Stopaigí ansin!
Taispeáin dom (ar an léarscáil) cá bhfuil tú.
Ar bhain sibh taitneamh as sin?

Teanga an pháiste:

An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?
Ba mhaith liom bheith ar an bhfoireann chéanna le x.
Cad is brí leis an tsiombail seo?
Ní fheicim an triantán/ciorcal/dronuilleog
Cá bhfuil taobh na láimhe deise/clé?
Cá bhfuil sé?
Tá x ag brú orm.
Is sinne an chéad bheirt / dara/triú & rl beirt.
Ní fheicim x ar an léarscáil.
Tá sé aimsithe agam/ níl sé aimsithe agam fós.
Ní féidir liom x a aimsiú.
Níl a fhios agam conas… Ní thuigim…
Táim/táimid críochnaithe.
Bhain mé an-taitneamh as sin, bhí sé go hiontach.
Bhí an bua againne.
Tá cabhair uaim. An gcabhróidh tú liom?
Tá sé bun os cionn.
Tá mé caillte
Táimíd i sáinn/ i bponc
Tuigim/ní thuigim
Tá ag éirí go maith liom/linn.
D'éirigh liom/ níor éirigh liom x a bhaint amach
D'éirigh go maith linn
An bhfuil cead againn é a dhéanamh arís?

Tréimhse réamhghníomhaíochta/réamhchumarsáide

- **Cothú spéise:**

Abair leis na páistí go bhfuil siad chun dul i mbun a thuilleadh gníomhaíochtaí treodóireachta amuigh i bhfearann na scoile.

- **Ullmhúchán ranga**

Cuir cóip mhéadaithe den léarscáil le roinnt ionaid rialaithe marcáilte ann ar taispeáint sa seomra ranga
Pléigh an eochair/na siombailí.
Déan gnéithe agus **comharthaí talún** a sainaithint
Mínigh gur Treodóireacht ó Phointe go Pointe/Treodóireacht Trastíre atá i gceist agus go gcaithfear na hionaid rialaithe a bhaint amach **in ord,** go mbeidh an cúrsa amaithe agus go mbeidh an bua ag an mbeirt is tapúla **a bheidh na cártaí rialaithe cearta acu.**
Taispeáin léarscáil d'fhearann na scoile do na páistí. Taispeáin an áit ina bhfuil an rang anois agus pléigh na háiteanna a n-aithníonn siad ar an léarscáil.

Déan gníomhaíocht réamhaclaíochta ón leabhar *Gluais go Maith, Gluais go Minic*
https://pdst.ie/sites/default/files/FMS%20Book%203%20Gaeilge_0.pdf
m.sh. Súil Siar ar an Rith lch 19 chun na páistí a chur i mbun gluaiseachta agus i mbun treoracha a leanúint as Gaeilge.

- **Ionchur teanga:**

Conas an sainfhoclóir/téarmaíocht a mhúineadh.

- Ní mór réamhullmhúchán a dhéanamh agus an teanga a bhaineann le treoracha a leanúint a chleachtadh trí aithris agus athrá leis na páistí. Ba chóir seo a dhéanamh go háirithe le linn bainistíocht ranga agus gnáthchaint an lae.
- Caithfear an teanga ar leith a bhaineann le Treo a mhúineadh freisin. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as cuid de na sleamhnáin atá sa chur i láthair (Ceacht 6) Airde an Chompáis https://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum/aiseanna-bunscoil/feach-thart-rang-4/feach-thart-rang-4-tireolaiocht/ chun an teanga sin a chur i láthair na bpáistí
- Bain leas as ceisteanna, aithris agus athrá le cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir nua.
- Léirigh an teanga nua ar luaschártaí & phóstaeir/ phrionta sa seomra ranga**.**
- Cuir béim ar struchtúr na teanga chomh maith le tuiscint san ionchur teanga.

Gaeilge an mhúinteora:
Beimid ag dul go dtí an clós/páirc na himeartha/fearann na scoile.
Beidh treodóireacht trastíre ar siúl againn/agaibh.
Beidh oraibh rudaí atá léirithe ar an léarscáil a aimsiú.
Beidh oraibh an tsiombail (rialaitheoir) a aimsiú agus í a chlárú ar an mbileog.
Féachaigí ar an léarscáil. An bhfeiceann sibh na siombailí?
Cá bhfuil clós na scoile/páirc na himeartha & rl?
Seo na siombailí a bheidh á lorg againn.
Seasann an tsiombail/comhartha seo do x.
Déanaigí bhur gcártaí a mharcáil leis na criáin atá ag na cóin.
Beidh sibh ag obair i mbeirteanna/ seasaigí i mbeirteanna.
Beidh an bua ag an mbeirt is tapúla a bheidh na cártaí rialaithe cearta acu.
Déanaigí bhur bhfreagraí a sheiceáil sula gcríochnaíonn sibh.
Is sibhse an chéad bheirt, dara, triú, ceathrú, cúigiú, séú & rl beirt.
Tá uimhreacha ó 1-12 ar gach léarscáil.
Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
Siúlaigí ar thaobh na láimhe deise, siúlaigí ar thaobh na láimhe clé.
Beidh triantán ag an tús (túsphointe).
An dtuigeann sibh? An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?
Ar aghaidh libh.

Gaeilge na bpáistí:
An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?
Ba mhaith liom bheith ar an bhfoireann chéanna le x.
Tá/níl léarscáil agam/againn.
Aithním clós na scoile.
Is é/í X mo pháirtí. Níl aon pháirtí agam.
Cén chiall atá leis an tsiombail seo?
Cá bhfuil taobh na láimhe deise/clé?
Tá x ag brú orm.
Tuigim/Ní thuigim.
Is sinne an chéad bheirt /dara/triú & rl beirt.
Ní fheicim x ar an léarscáil.

Tréimhse ghníomhaíochta/ chumarsáide

Tá treoracha níos mine, pointí teagaisc agus áiseanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí treodóireachta ar fáil níos déanaí sa doiciméad seo.

Treodóireacht ó phointe go pointe

Tabhair léarscáil, cárta rialaithe, cláir fáiscthe agus peann luaidhe don chéad bheirt/dara beirt & rl
Coimeád cuntas den am tosaithe agus comhairigh síos go dtí an tús.
Lean an proiséas céanna leis an gcéad bheirt eile, arís eile, go dtí go mbeidh gach duine tosaithe.
Bí cinnte na hamanna críochnaithe a thaifeadadh, ní gá gurb iad an bheirt is túisce abhaile a bhuafaidh.
Ná taifead an t-am críochnaithe go bhfilleann gach duine den bheirt abhaile

Má chuireann páistí ceist as Béarla agus na gníomhaíochtaí ar siúl acu tabhair freagra i nGaeilge.

Gaeilge an mhúinteora:
Is sibhse an chéad bheirt, dara, triú, ceathrú, cúigiú, séú & rl beirt.
An bhfuil peann luaidhe/léarscáil/bileog ag gach aon duine?
An bhfeiceann sibh x?
Cas an léarscáil sa treo ceart
Tá an leathanach/léarscáil/bhileog bunoscionn agat.
Treoshuigh an léarscáil!
Beidh oraibh na hionaid rialaithe (rialaitheoirí) a bhaint amach in ord.
Seasaigí taobh thiar den líne.
Ar aghaidh libh, Tóg/tógaigí do/bhur seal, Glacaigí seal.
Beidh oraibh an tsiombail a mheaitseáil leis an bhfocal ceart.
An bhfuil na siombailí ar eolas agaibh?
Tabhair dom an x le do thoil.
Cad atá cearr?
Conas atá ag éirí libh?
Stopaigí ansin!
Taispeáin dom (*ar an léarscáil*) cá bhfuil tú.

Gaeilge na bpáistí:
Is sinne an chéad bheirt/dara/triú & rl beirt.
Ní fheicim an triantán.
Tá sé aimsithe agam/ níl sé aimsithe agam fós. .
Ní féidir liom x a aimsiú.
Níl a fhios agam conas… Ní thuigim…
Táim/táimid críochnaithe
Bhí an bua againne / is sinne na buaiteoirí.
Tá sé bun os cionn
Chaill mé mo pheann luaidhe
Tá cabhair uaim.
Tá mé caillte.
An gcabhróidh tú liom?
Tá ag éirí go maith liom.
D'éirigh liom/ níor éirigh liom x a shroichint/bhaint amach.

Tréimhse iarghníomhaíochta/ iarchumarsáide

Bíodh tasc agat ag an deireadh dóibh siúd a chríochnaíonn go luath m.sh.
Liostaigh ainm cailín, ainm buachalla, logainm, ach na litreacha bailithe a úsáid
Cé a fhéadann an focal is faide nó an líon is mó focal a dhéanamh leis na litreacha atá acu?
Déan gníomhaíocht iaraclaíochta (fuaraithe) leis na páistí. M.sh:

Iarr ar na páistí a bheith ag scipeáil timpeall an chlóis ag laghdú luais de réir a chéile go dtí go mbíonn siad ag scipeáil ar an spota. Laghdaíonn siad a ngluaiseacht go seasamh gan bogadh.

D'fhéadfaí an Liathróid Spraoi a úsáid chun dul siar ar na treoracha chomh maith leis an teanga a chleachtadh, a dhaingniú, a neartú agus a shaibhriú.

Gaeilge an mhúinteora:
Faigh leathanach agus scríobh liosta de x.
An féidir libh focail a chumadh leis na litreacha atá bailithe agaibh?
Bígí ag scipeáil timpeall an chlóis.
Bígí ag scipeáil níos moille.
Seasaigí gan bogadh.

Ar bhain sibh taitneamh as sin?

Gaeilge na bpáistí:
Ní féidir liom rith – tá cos tinn agam
Bhain mé an-taitneamh as sin, bhí sé go hiontach.
Bhí an bua againne.
An bhfuil cead agam leathanach a fháil?
Tá liosta fada agamsa.
Ní féidir liom smaoineamh ar aon rud eile.

Measúnú (Conas a dhéanfar measúnú ar fhoghlaim na bpáistí – forbairt teanga agus foghlaim an ábhair?)

Breathnóireacht an mhúinteora: Siúil timpeall le linn na gníomhaíochta i mbun breathnóireachta ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.
Ceistiúcháin: Cuir ceisteanna ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochta lena dtuiscint a mheas agus ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.
Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.
Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

Féinmheasúnú an mhúinteora: An raibh mé dílis don Chorpoideachas mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí coirp? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndéarna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? Ar chuir mé tacaíochtaí oiriúnacha ar fáil chun cuidiú le tuiscint agus foghlaim na bpáistí? Ar dhírigh mé ar na Torthaí Foghlama Teanga chomh maith leis na Cuspóirí Ábhair? An raibh páistí in ann tabhairt faoi threodóireacht ó phointe go pointe agus cuairt a thabhairt ar na hionaid rialaithe go léir in ord? An raibh na páistí in ann na cártaí rialaithe a mharcáil agus eolas a bhailiú ag na hionad rialaithe? Ar raibh na páistí in ann tuiscint a léiriú trí threoracha a leanúint agus a thabhairt? Ar léirigh na páistí tuiscint trí mhíniúcháin agus cur síos a thuiscint? An raibh na páistí in ann úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte? An raibh na tascanna in oiriúint do leibhéal aoise na bpáistí? An raibh na treoracha a thug mé soiléir? An raibh deis ag na páistí an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach? Cad iad na dúshláin a bhí ag na páistí le linn an cheachta?

https://ncca.ie/media/1351/assessment-guidelines.pdf

Tréimhse ghníomhaíochta/ chumarsáide

EAGAR AN RANGA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ	POINTÍ TEAGASC
Ullmhaigh máistirléarscáil a léiríonn na rialaitheoirí. Líon isteach do mháistirchárta rialaithe. Leag amach na rialaitheoirí roimh ré. Roinn na páistí i mbeirteanna. Déan an t-ord tosaithe a thaifeadadh Bíonn na páistí suite a gcúl leis an tús.Tógann siad cártaí rialaithe agus scríobhann siad a n-ainmneacha orthu agus iad ag feitheamh. Chun grúpaí a chur ar an gcúrsa go comhuaineach, cuir beirt ag dul deiseal agus an bheirt eile ag dul tuathal.	**Téamh suas agus síneadh** **Ullmhúchán ranga** Cuir cóip mhéadaithe den léarscáil le roinnt ionaid rialaithe marcáilte ann ar taispeáint sa seomra ranga. Pléigh an eochair/na siombailí. Déan gnéithe agus **comharthaí talún** a sainaithint. Pléigh an áit ar dhóigh leis na páistí ina bhfuil siad. Mínigh dóibh gur treodóireacht ó phointe go pointe/treodóireacht trastíre atá i gceist agus go gcaithfidh siad na hionaid rialaithe a bhaint amach **in ord,** go mbeidh an cúrsa amaithe agus go mbeidh an bua ag an mbeirt is tapúla **a bheidh na cártaí rialaithe cearta acu** **Treodóireacht ó phointe go pointe** Tabhair léarscáil, cárta rialaithe, fáisc-chlár agus peannluaidhe don chéad bheirt/dara beirt Coimeád cuntas den am tosaithe agus comhairigh síos go dtí an tús. Lean an proiséas céanna leis an gcéad bheirt eile, arís eile, go dtí go mbeidh gach duine tosaithe. Bí cinnte na hamanna críochnaithe a thaifeadadh, ní gá gurb iad an bheirt is túisce abhaile a bhuafaidh. Ná taifead an t-am críochnaithe go bhfilleann gach duine den bheirt abhaile. Bíodh tasc agat ag an deireadh doibh siúd a chríochnaíonn go luath. • *Liostaigh ainm cailín, ainm buachalla, logainm, ach na litreacha bailithe a úsáid* • *Cé a fhéadann an focal is faide nó an líon is mó focal a dhéanamh leis na litreacha atá acu* **Forbairt** *Moltar na páistí a thabhairt go hionad eachtraíochta lasmuigh de shuíomh na scoile chun treodóireacht a thriail i suíomh anaithnid.*	• Meabhraigh do na páistí gur gá an léarscáil a threoshuí (a chur sa treo ceart) agus an tsiombail rialaithe ag an ionad áirithe a chlárú. • Bain leas as sainchomhartha, rud atá mór agus éasca le haithint. • Mínigh cad atá i gceist le **tús céimnithe**– páistí ag tosú ag rith gach 30 soicind • Meabhraigh do na páistí go bhfuil cruinneas níos tábhachtaí ná luas – ní gá gurb iad is tapúla na buaiteoirí. • Tabhair cothrom na féinne do gach duine – déan sealaíocht. • Ar mhaithe le sábháilteacht, bí cinnte go bhfanann na páistí i mbeirteanna. --- • Cuir uimhir ar gach léarscáil, m.sh. 1-12. chun gur féidir le gach aon duine tosú ag an am céanna • Pé uimhir atá ar an léarscáil, is é sin an túsmharc rialaithe a bheidh acu, m.sh., má tá léarscáil 5 acu, téann siad chug 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 1, 2, 3, 4. • Ní gá teorainn ama a chur leis an ngníomhaíocht seo. Is fearr an deis a thapú cleachtadh a thabhairt dóibh ar ghníomhaíochtaí


Cárta Gníomhaíochta – Léarscáil Shamplach
1
2
3
4
5
6
7
8
9
10
11
12
Tús
Foirgneamh
Balla
Claí
Ciumhsóg Féir
Crann
Fál nó Sceach
Cosán
Lochán
Cuaillí
Críoch

CÁRTA GNÍOMHAÍOCHTA– MARCANNA RIALAITHE



CÁRTA GNÍOMHAÍOCHTA– MARCANNA RIALAITHE



CÁRTA GNÍOMHAÍOCHTA– MARCANNA RIALAITHE




CÁRTA GNÍOMHAÍOCHTA– MARCANNA RIALAITHE
6 12 6 12 6 12 6 12 6 12
5 11 5 11 5 11 5 11 5 11
4 10 4 10 4 10 4 10 4 10
3 9 3 9 3 9 3 9 3 9
2 8 2 8 2 8 2 8 2 8
1 7 1 7 1 7 1 7 1 7

Cárta Gníomhaíochta



foirgneamh	Tús	cosán
balla	claí	Críoch